




Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property Office of Ireland

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil 2019






Brollach

I gcomhréir le forálacha Alt 103 d'Acht na bPaitinní, 1992, tá an onóir agam mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019. Baineann mo Thuarascáil le cur i gcrích mo chuid feidhmeanna reachtúla faoi Acht na bPaitinní, 1992 (arna leasú); an tAcht Trádmharcanna, 1996 (arna leasú); an tAcht um Dheartháí Tionscail, 2001; an tAcht um Chóipcheart agus Ceart Gaolmhar, 2000; na Rialacha Reachtúla agus Rialacháin éagsúla a rinneadh faoi na hAchtanna seo; agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Forlíontach Cosanta). Tá cinntí faoi na hAchtanna, na Rialacha agus na Rialacháin seo le mo chumas reachtúil, faoi réir cearta áirithe achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Cuimsíonn mo Tuairisc freisin tuairisc ar Scéim Dheimhniúcháin KDB mar a éilítear faoi Alt 18 den Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) 2017. I Mí na Nollag 2019 d'athraigh Oifig na bPaitinní a hainm chuig "Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann" (IPOI). Tá sé mar aidhm ag an ainm nua ról an IPOI a shoiléiriú agus a léiriú ar shlí níos fearr maidir bainistíocht a dhéanamh ar réimse na gcearta maoine intleachtúla lena n-áirítear trádmharcanna agus dearáí trádála cláraithe, paitinní agus deimhnithe cosanta forlíontacha chomh maith le feidhmeanna reachtúla áirithe faoin Acht Cóipchirt. Tá an t-ainm nua ag teacht freisin le go leor gníomhaireachtaí agus oifigí den chineál céanna thar lear, rud a chiallaíonn go bhfuil sé níos éasca do dhaoine an oifig reachtúil in Éirinn a aithint a bhfuil freagracht uirthi as cearta maoine intleachtúla a bhainistiú agus a chlárú.

Chomh maith lena chroíghnó maidir leis an reachtaíocht ábhartha a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, trádmharcanna agus dearáí tionsclaíocha a phróiseáil agus cláir leictreonacha agus bunachair shonraí na gceart sin a choinneáil, comhlíonann an Oifig roinnt feidhmeanna oibríochtúla agus rialála lena n-áirítear:

1. Imeachtaí a riar os comhair an Rialaitheora maidir le cearta Maoine Intleachtúla lena n-áirítear éisteachtaí ar chur i gcoinne clárúcháin trádmharcanna.
2. Cláir aturnaetha paitinne agus trádmhairc a choinneáil atá údaraithe oibriú sa Stát.
3. Clárú agus tuairisciú comhlíontachta ag comhlachtaí um cheadúnú cóipchirt/eagraíochtaí comhbhainistíochta a riaradh chomh maith le réiteach díospóidí maidir le méideanna ríchiosa is iníoctha leis na comhlachtaí siúd a thagann chun cinn go príomha i réimse an taispeántais taifeadtaí fuaime phoiblí.
4. Cur le forbairt beartais agus reachtaíochta i dtaobh cearta maoine intleachtúla.
5. Cúnamh agus faisnéis a chur ar fáil ar chearta maoine intleachtúla.

I mo thuairisc tugtar eolas níos mionsonraithe ar an tslí inar chuir an Oifig a cuid feidhmeanna reachtúla agus rialála agus na gníomhaíochtaí a ghabhann leo a i gcrích agus gabhann réimse staitisticí gnó léi mar thacaíocht. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don iarracht oibre shuntasach agus don rannchuidiú a chuir foireann na hOifige isteach le linn 2019 agus dá dtiomantas leanúnach do sheirbhísí éifeachtúla, éifeachtacha a sholáthar.



Gerard Barrett
Ceannasaí



Threochtaí agus Gníomhaíochtaí

Go traidisiúnta bhíodh Éire, mar thír bheag, níos fearr ná a cosúlacht ó thaobh gníomhaíochta nuálaí de. De réir an fhoilseacháin 2019 World Intellectual Property Indicators de chuid na hEagraíochta Domhanda um Mhaoin Intleachtúil (WIPO) tá Éire, ó thaobh gníomhaíocht chomhdúcháin maoine intleachtúla ar fud an domhain de sa 29ú áit maidir le paitinní, sa 54ú áit maidir le trádmarcanna agus sa 51ú áit maidir le dearáí. I Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa 2018, is ‘Nuálaí Láidir’ í Éire, agus í rangaithe mar an naoú tír is nuálaí san AE agus sa chéad áit maidir le FBManna nuálacha agus fostaíocht i ngníomhaíochtaí dianeolais. Tá Nuálaíocht 2020, ar straitéis de chuid an rialtais le haghaidh taighde agus nuálaíochta í, dírithe ar ceannaire i nuálaíocht dhomhanda a dhéanamh d’Éirinn trí bhonn láidir taighde agus nuálaíochta a thógáil, maoiniú i dtaighde agus i bhforbairt a mhéadú agus creat rialála éifeachtach a thógáil chun maoin intleachtúil a chosaint.

In 2019, ba iad caiteachas tomhaltóirí agus onnmhairí is mó a chuir an geilleagar chun cinn. Mar sin féin, tháinig moill ar earnálacha áirithe sa bhliain cosúil le seirbhísí agus déantúsaíocht, go mór mór mar thoradh ar éiginnteacht maidir le Brexit. Téann athruithe ar bith sa timpeallacht eacnamaíoch lasmuigh d’Éirinn agus gníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta i bhfeidhm ar Éirinn go héasca. Luaitear i gcomhstaidéar le hOifig na bPaitinní Eorpacha (EPO) agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a foilsíodh i Meán Fómhair 2019¹, go bhfuil an sciar is airde de phoist i dtionscail atá dian ó thaobh Cearta Maoine Intleachtúla (IPR) de agus atá á ngingniúint ag cuideachtaí as tíortha lasmuigh den AE le fáil in Éirinn, is é sin, sciar 20%. Is iad an Eastóin, Éire, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe na h-aon Bhallstáit ina gcruthaíonn cuideachtaí ó thríú tíortha níos mó post ná cuideachtaí atá lonnaithe i mBallstáit eile de chuid an Aontais. Luadh sa staidéar freisin go raibh Éire ar cheann de sheacht mBallstát ina dtagann níos mó ná 30% de chruthú post ag a bhfuil baint mhór le Cearta Maoine Intleachtúla ó áiteanna lasmuigh den tír.

Meastar go mbeidh tionchar tromchúiseach ag an bpaindéim dhomhanda Covid 19 ar gheilleagar an domhain. I gcás na hÉireann, tá sé tuartha ag an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go dtiocfadh laghdú mór ar “Thomhaltas, infheistíocht agus glanhrádáil. Laghdódh teaghlaigh a gcuid caiteachais, dhéanfadh gnólaigh infheistíocht a chealú nó a chur siar, agus titfidh an t-éileamh seachtrach ar earraí agus seirbhísí Éireannacha”². Beidh drochthionchar ag an gcrapadh eacnamaíoch a bhaineann le neamhchinnteacht faoi BREXIT ar bheagnach gach earnáil den gheilleagar. Is dócha go mbeidh éifeacht gnáth-mheathlaithe le brath láithreach sa mhéid go dtiocfaidh meath ar chlárú trádmarcanna. Ní bheidh an laghdú ar chomhdúcháin córais phaitinne chomh tapa. Mar sin féin, d’fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe do roinnt earnálachacosúil le cúram sláinte, teicneolaíocht leighis, eolaíochtaí beatha agus ríomhthráchtáil. Is fiú a lua gurbh ionann earnáil na teicneolaíochta leighis agus 19% de na hiarratais ar phaitinní Eorpacha uile a chomhdaigh cuideachtaí Éireannacha in 2019 (167 iarratas, +26% i gcomparáid le 2018). B’ionann teicneolaíocht ríomhaireachta agus 10% d’iarratais as Éirinn (92 iarratas +6% i gcomparáid le 2018), agus ina dhiaidh sin cógaisíocht le sciar 8% (70 iarratas). Tháinig méadú 6.3% ar líon foriomlán na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a chomhdaigh cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn in 2019, i bhfad os cionn fáis mheánaigh 1.1% a bhí i 38 ballstáit Eagraíocht Paitinní na hEorpa³. Ní dócha go gcoinneofar méadú den sórt sin in 2020.

1. IPR-intensive industries and economic performance in the European Union Industry-Level Analysis Report, Meán Fómhair 2019 EPO (Eagraíocht Paitinní na hEorpa) & EUIPO (Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh) Tríú Eagrán, Meán Fómhair 2019).

2. <https://www.esri.ie/system/files/publications/QECSPRING2020.pdf>

3. <https://www.epo.org/about-us/annual-reports-statistics/statistics/2019/statistics.html>

Paitinní

Níor chóir glacadh leis go léiríonn an leibhéal comhdúchán paitinne náisiúnta an méid ina bhfuil gnóthais nó aireagóirí atá bunaithe in Éirinn i mbun gníomhaíochtaí nuálacha mar d'fhéadfadh gur rogha le gnóthais comhdú tríd an mbealach Eorpach nó úsáid a bhaint as bealach an Chonartha um Chomhar Paitinní (PCT) seachas comhdú tríd an oifig náisiúnta. Léirítear sa tábla seo a leanas a méid a chomhdaíonn iarratasóirí Éireannacha in Oifigí Paitinne Idirnáisiúnta.

Comhdúcháin phaitinní eachtracha ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn chuig údaráis phaitinní roghnaithe

	2016	2017	2018	2019
An Conradh Comhair Paitinní ¹	441	489	628	640
Oifig Eorpach na bPaitinní ²	727	660	826	878
An Ríocht Aontaithe	298	320	353	361
Stáit Aontaithe Mheiriceá ³	1,408	1,487	1,612	n/a

Foinsí: Bunachar Sonraí Staidrimh na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) - Athbhreithniú Bliantúil ar an gConradh Comhair Paitinní, "Facts & Figures" ó Oifig Maoine Intleachtúla na Ríochta Aontaithe (UKIPO), Staidreamh paitinní ó Oifig Paitinní agus Trádmharcanna na Stát Aontaithe (USPTO). Tá an staidreamh comhdúcháin bunaithe ar áit chónaithe an iarratasóra chéadainmnithe. D'fhéadfadh go n-athródh figiúirí stairiúla comhdúcháin ó bhliain go bliain mar gheall ar bhunachair shonraí a bheith á nuashonrú ag na húdaráis phaitinní.

Cé gur léirigh líon iomlán na n-iarratas náisiúnta ar phaitinní a comhdaíodh in 2019 laghdú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, (ó 641 go 217) is féidir é seo a chur i leith líon na bliana 2018 a bhí an-ard ar fad (mar gheall ar líon ard paitinní gearrthéarmacha a bheith curtha isteach ag iarratasóir amháin) seachas aon thoisc eile. Tháinig laghdú suntasach ar líon na gcomhdúchán náisiúnta gearrthéarmacha Paitinne a fuarthas le linn 2019 i gcomparáid le hiomlán na bliana 2018 (ó 533 go 124) agus tháinig laghdú beag ar líon na n-iarratas ar phaitinní fadtéarmacha a comhdaíodh (ó 108 go 93). Cuireadh cuid mhaith iarratas isteach ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha (SPCanna) in 2019 agus tháinig méadú ó 46 in 2018 go 62 in 2019 orthu, rud a léiríonn neart leanúnach an tionscail chógaisíochta. Tá gach ceann den 10 bpríomh-chuideachta chógaisíochta lonnaithe in Éirinn.

1. Iarratais a chomhdaigh daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn faoin gConradh Comhair Paitinní (céim idirnáisiúnta).
2. Bhí an anailís bunaithe ar líon na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a comhdaíodh le hOifig Eorpach na bPaitinní (iarratais dhíreacha Eorpacha agus iarratais idirnáisiúnta a bhí ag dul isteach sa chéim Eorpach).
3. Tagraíonn comhduite Stáit Aontaithe Mheiriceá le paitinní fónais a dtugtar freisin mar paitinní d'aireagáin.

Paitinní Eorpacha

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a ainmníodh in Éirinn in 2019, mar a tharla gach bliain, nach mór, ó shínigh Éire coinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha den chéad uair i 1992. Cuirtear iarratais Eorpacha ar phaitinní a ainmníonn Éire isteach ar Chlár na bPaitinní Éireannacha tar éis deontais ag an EPO (Oifig na bPaitinní Eorpacha) agus tá an stádas dlíthiúil céanna acu amhail is dá mba an Oifig a dheonaigh iad. Tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a d'ainmnigh Éire ó 174,317 in 2018 go 181,178 in 2019.

Trád Mharcanna agus Dearaí


Bhí laghdú beag ar líon iomlán na n-iarratas náisiúnta ar thrádmharcanna a fuarthas in 2019, is é sin, 15%, i gcomparáid le 2018 (ó 2,697 go 2,290). Bhí méadú seasmhach ag teacht ar líon na n-iarratas náisiúnta ar thrádmharcanna a comhdaíodh le roinnt blianta anuas de bharr fáis leanúnach ar an ngeilleagar agus cobhsaíodh a líon in 2019 de réir mar a bhíodhas ag súil. Tháinig méadú ar líon na marcanna idirnáisiúnta a bhí ag lorg cosanta in Éirinn ó 1,159 go 1,227 in 2019. Tá líon na n-iarratas ar dhearadh tionsclaíoch a fuair an Oifig suas agus síos le blianta beaga anuas. In 2019 fuarthas 182 iarratas aonair ar dhearadh.

Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTManna)

Roghnaíonn roinnt iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar thrádmharc Eorpach seachas clárú sonrach Éireannach a fháil. Tugann Trádmharc an Aontais Eorpaigh (EUTM) clárú aonair trádmhairc don dílseánach, rud a thugann cosaint trádmhairc i ngach ceann de 28 Ballstát an Aontais. Chomhdaigh iarrthóirí Éireannacha roinnt mhaith iarratais ar EUTManna in 2019 i gcónaí ach tháinig laghdú beag ar a líon ó 1,178 iarratas in 2018 go 1,143 iarratas in 2019

EUIPO Iarratais Thrád Mharcanna agus clárúcháin arna ndéanamh ag daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn

	2017	2018	2019
Iarratais as Thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh	1,175	1,178	1,143
Líon thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh a cláraíodh	1,064	968	1,053



Trádmharcanna Idirnáisiúnta

Cé nach bhfuil aon rud mar “thrádmharc domhanda”, ann is córas idirnáisiúnta clárúcháin trádmharcanna é Prótacal Mhaidrid a thairgeann seans d’úinéir trádmhairc cosaint trádmhairc a fháil i roinnt tíortha trí iarratas amháin a chomhdú. Cuireann córas Mhaidrid, atá á riar ag WIPO (Eagraíocht Dhomhanda um Mhaoin Intleachtúil), réiteach gnó cliste ar fáil d’aon chuideachta atá ag iarraidh a marcanna a chosaint agus a bhainistiú i margaí idirnáisiúnta (lasmuigh den AE de ghnáth). Féadann an mhéid is a bhaineann cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn úsáid as tuairim áisiúil a chur ar fáil maidir le rún a bheith acu briseadh isteach i margaí eachtracha agus margaí nua a chruthú do réimsí táirgí atá ann cheana féin agus réimsí táirgí nua. Faoi láthair tá 106 ball ag córas Mhaidrid a chlúdaíonn 122 tír. Is ionann sin agus breis is 80% den trádáil dhomhanda. I measc na dtíortha sin tá an tSín, Singeapór, an Bhrasaíl agus SAM, mar shampla.

Iarratias Idirnáisiúnta trí Chóras Mhaidrid do shealbhóirí TM a bhfuil sainchónaí/cónaí in Éireann

	2017	2018	2019
Iarratais Mhaidrid ina bhfuil Éire ina tír ina bhfuil an sealbhóir	165	186	192
Líon na gClárúcháin Idirnáisiúnta	165	161	201
Ainmniúcháin	1,713	1,134	1,986
Ainmniúcháin ina dhiaidh sin	258	169	198

Thaifead WIPO 201 clárúcháin idirnáisiúnta do shealbhóirí marcanna a raibh sainchónaí orthu in Éirinn in 2019. Áirítear ar na clárúcháin seo 1,986 ainmniú de chomhaltaí eile Mhaidrid inar fhéach na sealbhóirí le cosaint a leathnú dá marcanna. Ainmníodh 198 comhalta Mhaidrid breise ina dhiaidh sin i gclárúcháin idirnáisiúnta atá ann cheana féin ó Éirinn, chun a raon cosanta bunaidh geografach a leathnú chuig ballstáit nó dlínsí Mhaidrid breise.



Brexit

D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar an 31 Eanáir 2020 ar bhonn Comhaontaithe um Tharraingt Siar lena n-áirítear idirthréimhse chomhaontaithe go dtí an 31 Nollaig 2020 ar a laghad. Ar an 2 Márta, chuir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe tús leis an gcaibidlíocht maidir le caidreamh nua amach anseo agus má chomhaontófar é, tiocfaidh sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Le linn na hidirthréimhse, leanfaidh rialacha agus rialacháin an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le Maoine Intleachtúil (IP), de bheith infheidhme ar an Ríocht Aontaithe agus beidh an Ríocht Aontaithe fós mar chuid de Mhargadh Aonair agus Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh.

Ní bheidh tionchar ag Brexit ar gach ceart Maoine Intleachtúla (IP). Ní dhéanfar difear do phaitinní Eorpacha den chuid is mó le linn na hidirthréimhse agus ina diaidh. Cinntíonn Comhaontú um Tharraingt Siargo ndéanfar scrúdú faoin gcreat reatha ar iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha atá ar feitheamh ag deireadh na hidirthréimhse. Tabharfaidh aon SPC (Deimhniú Cosanta Forlíontach) a dheonaítear ar bhonn na n-iarratas sin an chosaint chéanna agus atá ag SPCanna atá ann cheana. Táthar ag súil go mbeidh dlí nua SPC na Ríochta Aontaithe ina léirítearréimeas reatha SPC an Aontais, mar aon leis na forálacha tacaíochta atá ann cheana i reachtaíocht paitinní na Ríochta Aontaithe, mar chóras deimhnithe cosanta forlíontach na Ríochta Aontaithe féin ar imeacht di.

Beidh tionchar suntasach ar thrádmharcanna an AE (EUTManna) agus ar dhearaí Pobail (AE) (cláraithe agus neamhchláraithe), cé nach dtiocfaidh na hathruithe sin i bhfeidhm go dtí deireadh na hidirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Tar éis na hidirthréimhse, ní bheidh éifeacht a thuilleadh ag EUTManna agus Dearaí Pobail, idir Chláraithe agus Neamhchláraithe, sa Ríocht Aontaithe. Tá sé foráilte ag Rialtas na Ríochta Aontaithe go gcruthóidh an Ríocht Aontaithe trádmharc inchomparáide sa Ríocht Aontaithe go huathoibríoch do gach EUTM cláraithe, gan aon táille a ghearradh. Beidh feidhm ag an rud céanna i dtaobh Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna). Gnólachtaí, eagraíochtaí nó daoine aonair a bhfuil iarratais dá gcuid ar EUTM nó RCD ar feitheamh ag deireadh na hidirthréimhse agus ag am imeachta na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, beidh tréimhse naoi mí acu ón 31 Nollaig 2020 chun iarratas a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe ar na cosaintí céanna, agus dáta an iarratais AE a choinneáil chun críocha tosaíochta.

Tá eolas níos mionsonraithe ar thionchar an BREXIT ar mhaoine intleachtúil ar fáil ar shuíomh gréasáin IPOI.



Misean agus Cuspóirí Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann

Is é misean lárnach Oifig na Maoine Intleachtúla na hÉireann:

“Córas éifeachtach agus éifeachtach um chosaint maoine intleachtúla a sholáthar a spreagann forbairt theicneolaíoch agus a chuireann fiontair chun cinn”

Tá sé seo le baint amach trí chosaint cearta maoine intleachtúla i réimsí na bpaitinní, na dtrádmharcanna agus na ndearaí, scaipeadh réamhghníomhach eolais agus faisnéise ábhartha i gcomhar le gach ceann de na gníomhaíochtaí seo. Leanfaidh Oifig na Maoine Intleachtúla na hÉireann le páirt a ghlacadh i réimeas rialála nua-aimseartha agus sofheagrach a bhaint amach, a thacaíonn le nuálaíocht agus le fiontraíocht araon agus a chothaíonn timpeallacht éifeachtach ghnó in Éirinn. Déanann an tráchtairacht seo a leanas agus an tuarascáil staidrimh a ghabhann leis cur síos ar ghníomhaíochtaí na hOifige i gcomhthéacs seachadadh na sé phríomhchuspóir atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2017-2019. Feictear na sé chuspóir seo mar chuid lárnach d’fhonn misean na hOifige a chomhlíonadh agus a éifeachtúlacht oibríochtúil a chothabháil.

Cuspóir 1: Seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí


Tá cur síos ar ghealltanas na hOifige ar sheirbhís custaiméirí den scoth sa “Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2017-2019” ina leagtar amach 42 sprioc seirbhíse do chustaiméirí. Leagtar síos teorainneacha ama barrmhaitheasa chun tascanna éagsúla do chustaiméirí a chur i gcrích. Leagtar amach go mionsonraithe iad sa chuid ar “Spriocanna Feidhmíochta” den tuarascáil. Le linn 2019, baineadh amach formhór na spriocanna seirbhíse do chustaiméirí go leibhéal sásúil. Ba é 90% an meánráta dar baineadh amach. Geallann an Oifig athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a cuid nósanna imeachta riaracháin agus spriocanna seirbhíse d’fhonn uasleibhéal éifeachtachta a bhaint amach.

Faoi dheireadh 2019, comhdaíodh formhór mór na n-iarratas ar chearta IP ar líne trí shuíomh gréasáin na hOifige. (Paitinní & SPCanna 78%, TManna 96%, Dearaí 91%). Chomh maith le rochtain saor in aisce ar líne ar a cláir, bunachair shonraí, agus Iris Oifigiúil, cuireann an Oifig rochtain ar líne ar fáil ar uirlisí cuardaigh éagsúla atá fabhrach do chustaiméirí ar nós TMView, Design-View, Espacenet agus Clár na bPaitinní Cónasctha. Ioctar beagnach 100% de tháillí reachtúla na hOifige go leictreonach ar líne nó trí ríomhaistriú airgid (EFT), rud a léiríonn toilteanas ar thaobh na gcustaiméirí de na córais íocaíochtaí slána a úsáid. I gcás custaiméirí nach féidir leo leas a bhaint as an áis íocaíochtaí ar líne, úsáideann an Oifig teirminéal cárta creidmheasa (CCT) freisin chun íocaíocht shlán táillí a éascú ar an teileafón. I gcomhar le feidhmiú céimneach a modúil comhdaithe paitinne agus SPC ar líne, d’fhorbair an Oifig ‘Uirlis Teimpléid um Shonrú Paitinne’ ar líne. Forbraíodh an uirlis agus é mar aidhm ag an Oifig cabhrú le hiarratasóirí aonair gan ionadaíocht sonraíocht paitinne atá formáidithe agus nochtaithe go hiomlán a ullmhú. Cuireann an uirlis teoracha soiléire i scríbhinn mar aon le sampla mionsonraithe ar fáil d’úsáideoirí faoin méid ar chóir a chur isteach i ngach cuid de shonrúchán paitinne. Nuair a bhíonn an t-úsáideoir sásta leis an eolas atá curtha ar fáil acu cruthóidh an córas PDF lán-fhormáidithe mar aon le leaganacha Word den sonrúchán paitinne comhlánaithe. Is féidir leis an úsáideoir é a shábháil agus a chomhdú ar a chaoithiúlacht.

Cuspóir 2: Próiseáil éifeachtach gnó a chinntiú mar thoradh ar fheabhsuithe bonneagair TFC

I rith 2019, lean an fhoireann ar aghaidh ag soláthar seachadadh éifeachtach seirbhíse trí phróisis oibre agus réitigh teicneolaíochta a bheachtú. Tá sé mar aidhm ag clár r-sheirbhísí na hOifige feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse agus próiseáil níos éifeachtaí trí phróiseáil gan pháipéar den chuid is mó a thabhairt isteach san Oifig. Tá comhdú ar líne ar fáil anois do gach iarratas IPR tar éis r-chomhdú Paitinne & SPC a thabhairt isteach i mí Lúnasa 2019. Eisítear formhór mór an chomhfhreagrais Oifige trí r-phost. Lean an Oifig ar aghaidh freisin ag cur áis slán Dropbox ar fáil d'Aturnaetha IP. Le cabhair Dropbox is féidir iarratais ar chearta Maoine Intleachtúla a chur isteach go leictreonach mar chomhad criptithe. In 2019, bhain 9 cuideachta leas as an áis Dropbox.

Lean an Oifig de thairbhe a bhaint as cúnamh ó Chiste Comhoibrithe EUIPO a chuireann cúnamh ar fáil maidir le hoiliúint agus le forbairt agus maidir le cur i bhfeidhm uirlisí gréasánbhunaithe chun tacú le saolré trádmharcanna agus dearaí. Bhí an Oifig páirteach freisin i ngníomhaíochtaí comhoibrithe agus oiliúna mar rannpháirtí i Lónra na bPaitinní Eorpacha. Mar chuid den tionscnamh “Cáilíocht ag an bhFoinse” lean an Oifig ag obair leis an EPO chun cáilíocht na sonraí paitinne a tharchuirtear chuig EPO a fheabhsú. Maidir le héifeachtúlachtaí teicneolaíochta a fheabhsú, rinneadh feabhsuithe ar chóras riaracháin PTOLEMY chun é a chomhtháthú leis an bhfeidhmiúlacht nua comhdaithe ar líne do phaitinní & SPC. Rinneadh athruithe ar an láithreán gréasáin freisin agus ar gach leathanach gréasáin idirghníomhach i mí na Nollag 2019 chun athrú ainm na hOifige a chur san áireamh.



Cuspóir 3: Leanúint ar aghaidh ag cur le cruthú creat éifeachtach dlíthiúil IP in Éirinn agus le beartas IP

Cuid ríthábhachtach den chreat reachtach a chuireann nuálaíocht chun cinn agus a spreagann nuálaíocht is ea cearta maoine intleachtúla a rialáil. Tá an tAonad Maoine Intleachtúla (IPU) freagrach as beartas maoine intleachtúla agus as reachtaíocht sa réimse seo. Tugann an IPU comhairle agus cúnamh i bhfoirm dréacht-reachtaíochta maidir leis na hábhair seo, go háirithe ar thionchar na n-athruithe dlíthiúla nó rialála atá beartaithe ar obair na hOifige. Ba iad seo a leanas reachtaíocht ar sholáthair an Oifig ionchur agus barúlacha ina taobh i rith 2019:

An tAcht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil 2019 (Uimh. 19 de 2019):

Cuireadh ionchur ar fáil maidir leis an bhforáil a bhaineann le hainm na hOifige a athrú. Foráiltear leis an bhforáil seo gur féidir le hiarratasóirí ar phaitinní idirnáisiúnta faoin PCT a iarraidh go gcaithfear leis an iarratas mar iarratas náisiúnta faoi Chuid 2 d'Acht na bPaitinní 1992 agus na forálacha lena gceadaítear d'úinéirí maoine intleachtúla éilimh ar shárú IP ar luach níos ísle a chur isteach sna Cuairteanna Dúiche agus Cúirteanna Cuarda.

Rialacha Paitinne (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 589 de 2019):

Chuir an Oifig ionchur ar fáil maidir leis an leasú ar rialacha a bhaineann leis an tréimhse fhorordaithe a leathnú chun freagairt don tuarascáil chuardaigh agus don tuairim scríofa a tugadh faoi Alt 29 de dhroim scrúdú substainteach a thabhairt isteach, agus chuir sí le roinnt leasuithe riaracháin chun críocha litreacha meabhrúcháin thar téarma a eisiúint, cigireacht phoiblí ar dhoiciméid agus na hathruithe a léiriú a rinneadh i ndáil leis na cúirteanna san Acht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil 2019. Ina theannta sin, d'fhoráil an Oifig ionchur chun Rial 87A nua a chur san áireamh lena n-ordaítear na nósanna imeachta atá le leanúint de bhun Alt 127A d'Acht na bPaitinní 1992, i gcúinsí ina bhfaigheann an Rialaitheoir iarratas go gcaithfear le hiarratas idirnáisiúnta ar phaitinn a ainmneoidh an Stát mar iarratas ar phaitinn faoi Chuid II den Acht.

Rialacha Trádmharcanna (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 588 de 2019):

Rinne an Oifig ionchur maidir leis na hathruithe ar Rialacha 51, 57, 68 agus 69 chun foráil a dhéanamh go bhféadfadh imeachtaí IP tarlú sa chúirt lena mbaineann.

Rialacha Trádmharcanna (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 628 de 2019):

Rinne an Oifig ionchur maidir leis na Rialacha ina raibh athruithe áirithe ar nós imeachta chun a chinntiú go ndéantar imeachtaí um chur i gcoinne agus neamhbhailíochta ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Leag an Oifig amach freisin nósanna imeachta riaracháin chun tuairimí tríú páirtí a thaisceadh maidir le hiarratais ar thrádmharcanna a rinneadh ar fhorais droch-chreidimh agus ar ról an Rialaitheoir Maoine Intleachtúla chun na barúlacha sin a phróiseáil.

Rialacháin um Dhearaí Tionscail (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 587 de 2019):

Chuir an Oifig ionchur ar fáil i leith leasuithe ar Rialacháin 3, 30 agus 31 lena bhain athrú ainm na hOifige agus freisin ar na leasuithe ar Rialacháin 48 agus 49 chun a fhoráil go bhféadfar imeachtaí IP a dhéanamh sa chúirt lena mbaineann.

Cuireadh ionchur agus barúlacha ar fáil freisin maidir le gnéithe de Threoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus Treoir 2001/29/CE (Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach) maidir le leasuithe féideartha ar an Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara 2000. Cuireadh barúlacha ar fáil freisin maidir le togra ón Aontas Eorpach le haghaidh rialaithe lena leasaítear Rialachán Uimh. 469/2009 (an Rialachán SPC) maidir leis an teastas um chosaint fhorlíontach do tháirgí leighis trí tharscaoileadh déantúsaíochta onnmhairithe.

Cuspóir 4: Feasacht agus tuiscint ar IP a chur chun cinn i measc ghnó, gnóthais agus mic léinn na hÉireann.

Ar cheann de phríomhchuspóirí na hOifige Maoine Intleachtúla áirítear cabhrú le gnólachtaí, nuálaithe agus fiontraithe tuiscint a fháil ar conas is féidir le IP cabhrú leo luach a chruthú óna gcuid smaointe agus a bheith in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi IPRnna (Cearta Maoine Intleachtúla). D'ordaigh an Oifig go sonrach a clár feasachta IP chun cuidiú le fiontair bheaga agus micrifhiontair, gnólachtaí nuathionscanta beaga, fiontraithe aonair, nuálaithe agus mic léinn. Le linn 2019 ghlac an Oifig páirt i 45 imeacht for-rochtana ag a labhair sí faoi chúrsaí Maoine Intleachtúla. Ar na himeachtaí áiríodh cúrsaí ar “Chuir tús le do ghnó féin” a bhí á reáchtáil ag na hOifigí Fiontair Áitiúla chomh maith le labhairt i gcoláistí tríú leibhéal tríd an gclár “Teorainneacha Nua”. Thug an Oifig faoi ghníomhaíochtaí múscailt feasachta ar Mhaoin Intleachtúil ag taispeántais éagsúla um chomhairliú gnó agus fiontair ar fud na tíre, Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta agus Seó na Tulaí Móire san áireamh. Lena chois sin reáchtáil an Oifig 44 chlinic faoi Maoin Intleachtúil in 2019. Ionntu tugtar deis don bpobal, d'aireagóirí, fiontraithe agus lucht gnó plé duine le duine a dhéanamh le foireann na hOifige faoi ghnóthaí a bhaineann le hiarrais Maoine Intleachtúla atá i gceist acu a dhéanamh nó atá curtha isteach acu chuig an Oifig cheana féin.

Maidir le feasacht IP a bhí dírithe ar mhic léinn dara leibhéal, bhí rannpháirtíocht Seó Idirbhliana i gceist den chéad uair. Reáchtáladh thar 2 lá é, agus tá sé tiomanta do mhic léinn Idirbhliana, Ardteistiméireachta Feidhmí agus Clár na hArdteistiméireachta. Lean an Oifig lena rannpháirtíocht le Taispeántas Eolaí Óig & Teicneolaíochta BT agus le Gradaim bhliantúla Chlár Fiontar na Mac Léinn. Tá an Clár Fiontar do Mhic Léinn atá á reáchtáil ag na Boird Fiontar ar na comórtais fiontar is mó do mhic léinn dara leibhéal in Éirinn. Tá 16,000 rannpháirtí aige. Bhí an babhta ceannais Náisiúnta ar siúl i mí Aibreáin 2019. Ba iad seo a leanas buaiteoirí na ngradam Maoine Intleachtúla: Gradam Sóisearach: Meánscoil na Toirbhirte, Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí le “Eary Fix”; Gradam Idirmheánach: Gortnor Abbey, Crois Mhaoilíona, Co. Mhaigh Eo (sa phictiúr thíos) le “Sparkles”; Gradam Sinsearach: Meánscoil St. Mary’s, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. le “Worrybear & Co.” Is slí iontach é an comórtas chun teagmháil a dhéanamh le mic léinn d’fhonn tuiscint ar Mhaoin Intleachtúil a chur chun cinn agus smaoineamh gnó á fhorbairt agus fiontar rathúil á bhunú acu.



Cuspóir 5: Feabhas a chur ar éifeachtacht eagrúcháin trí fheabhas a chur ar scileanna foirne, sásamh poist agus roinnt eolais.

Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 47 post údaraithe ag an Oifig, mar a bhí in 2018. Mar sin féin, nuair a chuirtear sosanna gairme, comhroinnt oibre agus socruithe oibre eile atá fabhrach do theaghlaigh san áireamh, d'oibrigh an Oifig le leibhéal foirne 43.58 de choibhéis lánaimseartha le linn 2019. Tháinig laghdú suntasach ar líon na mball foirne atá ag obair san Oifig ó díláraíodh an Oifig chuig Cill Chainnigh in 1998. Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon foirne de bharr uathoibriú na nósanna imeachta agus feabhsuithe nuálacha ar phróiseáil gnó inmheánaigh, ó 76 sa bhliain 1998 go 47 post (coibhéis lánaimseartha). Lean an Oifig ar aghaidh ag freastal go rathúil ar na héilimh ar leibhéal arda seirbhíse poiblí gan acmhainní foirne a mhéadú agus gan éifeachtacht oibríochtúil a chur i mbaol trí nósanna imeachta níos fearr agus níos éifeachtúla agus trí úsáid na teicneolaíochta.


Tá an Oifig tiomanta do chinntiú go ndéantar gach feidhmíocht foirne a scrúdú go rialta. Tugann an Córas um Fhorbairt Bainistíocht Feidhmíochta (PMDS) deis don bhfoireann spriocanna ar leith a leagan síos, athrú a thionscnamh agus a sheachadadh agus leanúint ar aghaidh ag feabhsú cleachtais oibre chun seirbhís éifeachtúil agus ardchaighdeán a sheachadadh. De réir an chórais PMDS, dréachtaíodh Plean Forbartha Oiliúna a chuir san áireamh na riachtanais oiliúna éagsúla a d'aithin an fhoireann ina bpleananna forbartha pearsanta i gcomhair 2019. Lasmuigh d'oiliúint leanúnach ar an láthair, thug an fhoireann faoi oiliúint le linn 2019 i réimsí amhail daoine agus feidhmíocht a bhainistiú, bainistíocht tionscadail agus athléimneacht a thógáil.

Cuspóir 6: Oibrigh agus comhoibrigh le comhpháirtithe an AE, idirnáisiúnta agus le hoifigí náisiúnta eile le cinntiú go mbeidh córais Eorpacha agus Idirlín IP inrochtana do ghnó agus d'fhiontar na hÉireann.


Déanann foireann IPOI ionadaíocht ar Éirinn ag roinnt fóram idirnáisiúnta agus ar an gcuma seo cinntíonn siad go gcuirtear seasamh na hOifige seo ar chúrsaí Maoine Intleachtúla in iúl, go bhfuil eolas air agus go ndéantar é á chosaint. Déanann an bhainistíocht shinsearach ionadaíocht ar Éirinn ar Chomhairle Riaracháin EPO agus ar a Coistí Bainistíochta éagsúla, agus ar Bhord Bainistíochta agus Ar Choiste Buiséid EUIPO. Fónann baill foirne na hOifige, ar saineolaithe iad ina réimsí ar leith, ar roinnt coistí teicniúla agus idirchaidrimh EPO agus EUIPO, chomh maith le Meithle Tionscadal a spreagann tionscnaimh chóineasaithe agus comhchuibhithe Eorpacha ag EUIPO. Tá clár chomhoibrithe dhéthaobhacha ag an Oifig freisin leis an EPO agus leis an EUIPO faoina bhfaigheann sí cúnamh i dtreo rannpháirtíocht in imeachtaí éagsúla múscaillte feasachta IP, sainoiliúint IP, tionscadail TFC chun malartuithe sonraí IP a éascú agus chun cleachtais agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú.

Éascaíonn rannpháirtíocht ar leibhéal idirnáisiúnta idirphlé maidir le hábhar agus struchtúr na gclár comhoibrithe agus cóineasaithe idir na heagraíochtaí sin agus oifigí náisiúnta IP eile san Eoraip, rud a chuireann ar chumas na hOifige a cleachtais, a nósanna imeachta agus a seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Dearaí i bhfeidhm



Trádmhairc i bhfeidhm



Paitinní & DCF i bhfeidhm



% na dtáillí a íoctar go leictreonach



% na n-iarratas IPR a comhdaíodh ar líne

2017	TM 90%
2018	TM 92% Dearaí 92%
2019	TM 96% Dearaí 91% PT/DCF 78% (Méanráta 88%)

Fáltais ghlan ó tháillí fabhraithe don Státchiste



Athrú ainm na hOifige

Le hAlt 42 den Acht um Chóipcheart agus Forálacha eile maidir le Maoine Intleachtúil 2019 athraíodh ainm Oifig na bPaitinní go dtí “Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann”. D’athraigh teideal an Rialaitheoir Paitinní Dearaí agus Trádmharcanna freisin go dtí an “Rialaitheoir Maoine Intleachtúla” agus léiríonn sé a ról reachtúil maidir le roinnt ábhar cóipchirt. Tháinig an t-athrú ainm i bhfeidhm an 2 Nollaig 2019. Soiléiríonn an t-ainm nua ról an IPOI maidir le réimse ceart maoine intleachtúla a bhainistiú agus léiríonn sé níos fearr é. Tá an t-ainm nua ag teacht freisin le forbairtí in áiteanna eile de réir mar a d’athraigh go leor oifigí paitinne agus trádmharcanna a n-ainmneacha le blianta beaga anuas chun cur síos níos cruinne a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí.



Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property Office of Ireland

De réir mar a thagraítear do “Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann” agus an “Rialaitheoir” lena n-ainmneacha i roinnt píosaí reachtaíochta, rinneadh foráil in Alt 42 den Acht um Chóipcheart agus Forálacha eile maidir le Maoine Intleachtúil 2019 chun Acht na bPaitinní a leasú chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt do na hathruithe sna hAchtanna agus sna Rialacha. Ní théann an t-athrú ainm i bhfeidhm ar ról na hOifige ná ar an gcaoi a n-oibríonn sé. Ní dhéanann an t-athrú difear do thrádmharcanna cláraithe, ná do chearta dearaidh ná paitinne deonaithe. Ní dhéanann an t-athrú difear ach an oiread d’iarratais ar chearta maoine intleachtúla in Éirinn ná ar an bpróiseas iarratais. Tá athrú tagtha ar ainm fearainn na hOifige go www.ipoi.gov.ie agus athraíodh an seoladh ríomhphoist ginearálta le haghaidh comhfhreagrais go ipinfo@ipoi.gov.ie.

An t-Irisleabhar Oifigiúil

Foilsítear an t-irisleabhar gach coicís ar an suíomh Gréasáin. Is i ngach eagrán den irisleabhar a bhíonn innéacs inchuadaithe agus faisnéis faoi ghníomhartha a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearthaí agus faoi chlárúcháin. Mar shampla, bítear in ann sonraí a fháil i ngach irisleabhar faoi thrádmharcanna agus faoi dhearthaí ar glacadh leo. Is san irisleabhar freisin a bhíonn sonraí faoi phaitinní a ndearnadh iarratas orthu, a foilsíodh agus a deonaíodh, lena n-áirítear paitinní a deonaíodh faoi Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus lena n-ainmnítear Éire iontu. Cuimsítear san irisleabhar chomh maith faisnéis faoi nithe amhail fógraí oifigiúla, sonraí faoi mhodhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig. Cuireadh saoráid idirghníomhach leis an irisleabhar. Mar gheall ar an tsaoráid sin, tá úsáideoirí in ann

an sliocht d’aon phaitinn, d’aon trádmharc nó d’aon dearadh ar leith sa Chlár a rochtain laistigh den irisleabhar anois trí chliceáil ar hipearnasc laistigh den irisleabhar.

Iris um Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann Journal of the Intellectual Property Office of Ireland

Inl. 95

Cill Chainníoch 08 January 2020

Uimh. 2402

CLÁR INNSTE

Cuid I		Cuid II	
Páitinní	Leath	Trádmharcanna	Leath
Official Notice	1	Official Notice	1
Applications for Patents	4	Applications for Trade Marks	4
Applications Published	5	Oppositions under Section 43	71
Patents Granted	5	Applications Withdrawn	72
European Patents Granted	6	Trade Marks Registered	72
Applications Withdrawn, Deceased Withdrawn or Refused	166	Trade Marks Renewed	73
Request for Grant of Supplementary Protection Certificate	167	Merger of Successive Trade Mark Registrations	75
Supplementary Protection Certificates Granted	168	Applications for Letters to Alter Registered Trade Mark(s)	75
Supplementary Protection Certificates Refused	169	International Registrations under the Madrid Protocol	77
Applications for Extension of the Term of a Supplementary Protection Certificate Rejected	170	International Trade Marks Protected	134
		Cancellations effected under the Madrid Protocol	134
Deiseálachtaí			
Designs Information under the 2001 Act	171		
Designs Registered	180		
Designs Renewed	180		
Designs Refused	180		

The Journal of the Intellectual Property Office of Ireland is published fortnightly.

*Each issue is freely available to view or download from our website at
www.ipoi.gov.ie*

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Glacann an Oifig páirt i ngníomhaíochtaí comhair lena macasamhlacha i dtíortha eile, leis an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OCMI) agus le hOifig Paitinní na hEorpa ar roinnt tionscadal arb é is aidhm dóibh comhchuibhiú a chur chun cinn ar fud oifigí náisiúnta MI agus cúrsaí a éascú d'úsáideoirí na gcóras paitinne, trádmhairc agus dearaidh.

EUIPO



Nascann Clár Comhoibrithe EUIPO, arna seoladh in 2011, EUIPO le hOifigí Náisiúnta agus le Cumainn Úsáideoirí chun talamh coitianta a bhaint amach i réimsí ina bhfuil cleachtais dhifriúla ag oifigí IP. Comhlánaíonn sé an obair atá á déanamh chun uirlisí cumarsáide TF a chruthú faoin gCiste Comhoibrithe. Glacann foireann na hOifige páirt sna Grúpaí Oibre a bunaíodh le haghaidh gach tionscadal cóineasaithe. Fuair an Oifig tacaíocht ó EUIPO freisin chun a chuid uirlisí príomhthionscnaimh TM view agus Design view a choinneáil. Ina theannta sin, faoi chomhaontú déthaobhach le EUIPO, bhain an Oifig leas as cúnamh i leith costas imeachtaí ardaithe feasachta, tráth a scaipeadh eols maidir leis an Trádmharc Pobail agus na Córais Deartha Pobail.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar shraith nua na dTograí Comhair a sheolamar de réir cuspóirí Plean Straitéisigh 2020 an EUIPO agus mar seo tógadh ar ar baineadh amach faoin bPlean Straitéiseach 2011-2015. D'oibrigh an Oifig go rathúil le EUIPO maidir leis na gnéithe teicniúla de thrasuí na Treorach maidir le Trádmharcanna, rud as ar eascair gur tugadh isteach cineálacha nua trádmharcanna neamhthraidisiúnta i mí Eanáir 2019. Ghlac an Oifig páirt freisin i roinnt cur i láthair agus rinne sí roinnt cur i láthair do Chomhdháil Trádmharcanna a d'eagraigh EUIPO sa Téalainn in 2019. D'fhreastail ionadaithe ó 10 dtír san Áise Thoir Theas uirthi. I gcomhpháirtíocht le EUIPO, d'óstáil an Oifig Seimineár Réigiúnach Eorpach i gCill Chainnigh, ón 4-6 Samhain 2019. Ba é cuspóir an tSeimineáir ardán a chur ar fáil chun eolas a roinnt ar shaincheistean sonracha IP d'fhoireann na nOifigí Náisiúnta agus na nIonadaithe ar Úsáideoirí. Bhain éagsúlacht leis an gclár seimineáir agus clúdaíodh láithreoireachtaí agus ceardlanna ar shaincheistean IP amhail nádúr sainiúil na marcanna crutha, na hoidhreacht cultúrtha, na sairse cainte agus diúltú iarratas ar fhorais na moráltachta chomh maith le plé ar thodhchaí an dlí dearaidh san Eoraip, impleachtaí an BREXIT do shealbhóirí EUTM, an chaoi a bhfuil an Intleacht Shaorga á cur chun feidhme in Oifigí IP agus athrú na gcleachtas dá bharr. Rinneadh ionadaíocht ar fhiche Oifig Náisiúnta ó bhallstáit éagsúla de chuid an AE chomh maith le roinnt Comhlachas Úsáideora, sa phictiúr thíos.



Daoine a d'fhreastail ar Sheimineár Réigiúnach na hEorpa i gCill Chainnigh, Samhain 2019.

Comhoibriú Idirnáisiúnta

WIPO

Feidhmíonn Oifig na hÉireann mar Oifig a ghlacann leis na hiarratais ar Chonarthaí um Chomhar Paitinne (PCTanna) a tharchur chuig WIPO, atá lonnaithe sa Ghinéiv. Féadfaidh daoine aonair a n-iarratas ar PCT a chomhdú trí Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann nó go díreach chuig WIPO. Le linn 2019, thug an IPOI isteach comhdú leictreonach i gcomhair iarratas PCT. Chuir ionadaí WIPO oiliúint ar fáil d'fhoireann IPOI agus d'Aturnaetha Paitinne araon san Oifig i mí Mheán Fómhair.



EPO

Tá clár comhoibrithe déthaobhach le fada an lá ag an Oifig le hOifig na bPaitinní Eorpacha. Éascaíonn an Clár go príomha comhoibriú idir an Oifig agus EPO i réimsí ar nós sainoiliúna, fáil sonraí paitinne agus tarchur atá bunaithe ar cháilíocht ag an bhfoinse, chomh maith le himeachtaí Líonra Paitinne na hEorpa atá dírithe ar an gCóras Eorpach Paitinne a neartú. Tabharfar isteach creachtclár nua comhair in 2020 mar chuid de Phlean Straitéiseach 2023 an EPO.



Cruinniú Bliantúil EPO

D'óstáil an Oifig Cruinniú Bliantúil d'Oifig Eorpach na bPaitinní maidir le Comhoibriú i gCill Chainnigh an 13-14 Bealtaine. D'fhreastail Ceannairí Oifigí Náisiúnta na bPaitinní i mBallstáit éagsúla EPO ar an ócáid seo a bhí eagraithe ag EPO, agus bhí os cionn 100 toscaire ó 39 stát conarthacha agus ó thíortha a bheidh ina mBallstáit amach anseo páirteach ann. D'oscail an tAire John Halligan na himeachtaí. D'fhreastail Antonio Campinos, Uachtarán EPO, ar an gcruinniú freisin. Díríodh an plé ar phlean straitéiseach 2023 EPO a fhorbairt maidir le cúrsaí comhoibrithe. Chuir an méid a pléadh le togra a cuireadh i láthair do Chomhairle Riaracháin EPO agus a chomhaontaigh Chomhairle Riaracháin EPO i mí an Mheithimh.



Uachtarán EPO Antonio Campinos, an tAire John Halligan & Gerard Barrett, Rialaitheoir ag Cruinniú Bliantúil EPO ar Chomhoibriú, Cill Chainnigh, Bealtaine 2019.



Toscairí a bhí ag freastal ar an gCruinniú Bliantúil i gCill Chainnigh

Suíomh Gréasáin

Tar éis athrú ainm na hOifige i mí na Nollag 2019, athraíodh ainm fearainn láithreán gréasáin na hOifige go www.ipoi.gov.ie freisin. Tugann an láithreán gréasáin réamhrá ginearálta ar mhaoin intleachtúil agus faisnéis shonrach faoi conas do chuid smaointe a chosaint. Lena chois sin tá cuid faoi Mhaoin Intleachtúil le haghaidh ghnó san áireamh. Ar sheirbhísí ar líne áirítear: íocaíochtaí táillí ar líne, ríomh-chomhdú iarratas ar thrádmharcanna agus dearáí, féachaint ar chláir agus bunachar sonraí trádmharcanna agus dearáí agus iad a chuardach; cláir eagraíochtaí a cheadúnaíonn cóipcheart agus cláir gníomhairí paitinní agus trádmharcanna. Áirítear le hábhar a foilsíodh ar an láithreán gréasáin tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe seo, réimse leabhrán faisnéise IP, ráiteas straitéise reatha na hOifige agus plan gníomhaíochta seirbhíse do chustaiméirí agus gach reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna na hOifige.

Lean suíomh gréasáin na hOifige de bheith ina phríomhfheithicil chun faisnéis a chur ar fáil don phobal chomh maith le bealach éifeachtach chun réimse seirbhísí idirghníomhacha cuardaigh agus íocaíochta táillí a sholáthar. Bhí líon na gcuartheanna ar an láithreán gréasáin láidir i gcónaí le breis agus 268,000 cuairt in 2019. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tá na leathanaigh idirghníomhacha chun an clár a chuardach ar líne fós ar na leathanaigh is mó a bhfuil éileamh orthu, le thart ar 242,800 cuairt in 2019.

Iniúchadh

I rith mhí an Mheithimh 2019, rinne Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne (IAU) iniúchadh ar an Oifig. Chuir an IAU dearbhú neamhspleách ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm in IPOI.


Ba iad na cuspóirí a comhaontaíodh don iniúchadh ná:

- éifeachtacht an IPOI maidir le cloí le treoirlínte agus beartais na Roinne a chíoradh ena n-áirítear rialú airgeadais agus buiséadach, soláthar, nósanna imeachta cuntas bainc, caiteachas caipitil TFC, RGCS, costais áitribh chomhroinnte, bainistiú taifead, bainistiú sócmhainní agus bainistiú riosca.
- leordhóthanacht agus éifeachtacht na socruithe agus na nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh a chíoradh atá bunaithe ag IPOI chun cuntais chustaiméara a bhainistiú agus cuntas a thabhairt ar fháltais a taifeadadh i Leithreasaí-i-gCabhair agus chun athbhreithniú ar rialuithe ar mhaoiniú ón AE a chur san áireamh.
- chun tuairim a fháil ar éifeachtacht na struchtúr cumarsáide idir Aonad Idirchaidrimh na Roinne agus IPOI agus faireachán ar fheidhmíocht IPOI i ndáil le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus chun tuairim a fháil ar cé acu ar aithníodh nó nár aithníodh, le linn an athbhreithnithe seo, moltaí eile tríd an iniúchadh chun cleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú in IPOI, d'fhonn oibleagáidí na Roinne a chomhlíonadh.

Tá áthas orm a thuairisciú, tar éis toraidh an-dearfaigh ar fad, gur éirigh leis an Iniúchadh Inmheánach dearbhú neamhspleách a chur ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm ar fud na hoifige. Thángthas ar an gcinneadh sa tuarascáil iniúcháireachta gur 'dearbhu substaintiúil' a bhí sa rátáil fhoriomlán dearbhaithe ar an athbhreithniú, is é sin, tá córas fóna rialaithe ann ag a bhfuil roinnt laigí beaga agus leibhéal íseal riosca nach mbainfí amach cuspóirí IPOI.

Eagrú Pearsanra

Áirítear leis na 47 bhall foirne 2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Riaracháin, 6 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 4 Oifigeach Cléireachais a bhain leas as scéim comhroinnte oibre, rud lena gceadaítear patrúin éagsúla freastail. Bhain beirt duine oirne leas as scéim teilea-oibrithe, rud lena gceadaítear do bhaill foirne a gcuid dualgas a chomhlíonadh ón mbaile ar feadh cuid den tseachtain. B'ionann agus 43.58 post líon na bpost coibhéise lánaimseartha san Oifig an 31 Nollaig 2019. Cuireann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta seirbhísí teicneolaíocht faisnéise ar fáil don Oifig. Tá ceathrar ball foirne ann d'Aonad Teicneolaíocht Faisnéise na Roinne atá suite san Oifig.



Title	Posts
Ceannasaí	1
Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne	1
Príomhoifigeach Cúnta	1
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	4
Scrúdaitheoir Paitinne	3
Oifigeach Riaracháin	1
Oifigeach Feidhmiúcháin	19
Oifigeach Cléireachais	16
Oifigeach Seirbhísí	1
Iomlán	47

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá ról lárnach ag foireann na hOifige maidir le déanamh de réir Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh an Rialtais. Tá sé mar sprioc ag an bplean ídiú fuinnimh a laghdú, feasacht foirne ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trealaimh téimh/aerchóirithe. Mar thoradh ar bhearta coigilte fuinnimh tá coigilteas suntasach bainte amach le bliain anuas (i gcomparáid le 2008, bliain an tagarmhairc). Tháinig laghdú 33% ar ídiú fuinnimh ó chuaigh an Oifig isteach sa bhfeachtas Optimising Power@Work sa bhliain 2008. Is tionscnamh tras-Roinne é seo atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá sé mar aidhm aige iompar foirne a athrú i leith úsáid fuinnimh agus deireadh a chur le cur amú fuinnimh in oifigí poiblí. Ceaptar Comhairleoir Fuinnimh ar gach foirgneamh rannpháirteach agus leagann sé/sí spriocanna coigiltis fuinnimh amach. Cuireann an Comhairleoir Fuinnimh comhairle ar an bhfoireann freisin maidir le conas is féidir coigilteas fuinnimh a bhaint amach, trí bhearta ar chostas íseal nó gan aon chostas orthu. I measc na mbeart bhí coigilteas cumhachta suanaíochta a cuireadh ar bun i ngach ríomhaire, ag athrú gach soilsíú gan ghá agus an teocht ar théamh a laghdú. D'éirigh leis an Oifig roinnt tionscnamh foirne glasa a chur i bhfeidhm freisin trí tuilleadh próiseas gan pháipéar a thabhairt isteach agus deireadh a chur le gach plaisteach aon úsáide ó gach réimse den Oifig. Ós rud é go bhfuil laghdú ar úsáid fuinnimh ríthábhachtach, ghlac an Oifig páirt i scéim a chuir córas braite gluaisne in ionad ár gcóras soilsithe ar fad chun a chinntiú nach n-úsáidtear fuinneamh ach amháin nuair is gá.




Staidreamh Gnó - Paitinní

Iarratais Faighte			Bliain	Paitinní Deonta		
Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-Théarma	Iomlán		Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-Théarma	Iomlán
149	138	287	2016	64	100	164
137	131	268	2017	60	27	87
108	533	641	2018	52	35	87
93	124	217	2019	48	83	131

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí 1,491 iarratas san iomlán ar feitheamh idir lámha. Díobh seo, bhí 112 iarratas ag fanacht go gcuirfí isteach fianaise ar nuagacht. Fuarthas 167 iarratas ó iarratasóirí sa Stát i 2019 i gcomparáid le 194 i 2018.

Iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha

Fuarthas 62 iarratas san iomlán ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Deimhnithe Cosanta Forlíontacha), 1992 (míochaineach) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí). I rith na bliana, deonadh 32 deimhniú (cosaint míochaineach agus plandaí), diúltaíodh do 4 iarratas agus tarraingíodh siar 9 iarratas. Ag deireadh na bliana bhí 181 iarratas ar feitheamh.




Staidreamh Gnó – Paitinní

Níl iarratais Eorpacha le sainiú ar Éirinn (cuireadh an deis seo ar fáil don chéad uair i 1992) san áireamh sna cairteanna thuas ach seo thíos na figiúirí fana gcoinne. Iontráladh na paitinní seo i gClár Náisiúnta na bPaitinní.



Rinneadh 181,178 Iarratas Paitinne Eorpach a ainmnigh Éire in 2019 (75,547 Iarratas Euro-díreach agus 105,631 Iarratas ar Chonradh um Chomhar Paitinne ag teacht isteach sa chéim réigiúnach). Ba é 181,406 líon iomlán na nIarratas Eorpach ar Phaitinní in 2019. I gcás gach stáit chonarthaigh de chuid an Choinbhinsiúin um an bPaitinn Eorpach is iondúil gurb ionann líon na n-ainmniúchán in Iarratais agus beagnach 100% d’iomlán na n-Iarratas ós rud é go n-ainmnítear gach tír go huathoibríoch ar dtús.

Bronnadh 135,313 Paitinní Eorpach in 2019 ina raibh Éire ainmnithe.



Staidreamh Gnó-Paitinní

Paitinní a deonadh i 2019 a raibh feidhm leo sa Stát

2019	Iomlán	Líon na bpaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát	% de nan paitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag m'Oifig-se	131	41	31%
Deonta ag an OPE	135,374	568	0.41 %
Iomlán Deonta	135,505	609	0.44%

Paitinní

	2017	2018	2019
Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar sannta	794	914	1,186
Paitinní tugtha suas	1	1	0
Paitinní tite ar lár	77,528	94,503	109,177
Paitinní curtha ar ais	6	12	6
Paitinní athnuaite	47,837	51,463	55,526
Paitinní éagtha	1,240	1,258	1,417
Paitinní agus DCF i bhfeidhm	169,453	197,468	222,233
Éisteachtaí	0	1	1
Iarratais PCT a fuarthas le cur chuig EDM	15	16	10
Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig OPE	2	0	1

Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh na bliana 2019, bhí 89 duine aonair agus 9 comhpháirtíochtaí iontráilte i gClár na nGníomhairí Paitinne.


Aicmiú Ar Na Paitinní A Dheonaigh Sa Bhliain 2019

AICMIÚ	An líon deonuithe san Aicmiú *
A. Riachtanais Daonna m.sh. Ábhair Bia, Sláinte, Nithe Pearsanta	48
B. Feidhmiú Oibríochtaí; Iompar: m.sh. Teicneolaíocht Múnlaith, Priontála, Feithicle	32
C. Ceimic; Miotalóireacht	77
D. Teicstílí; Páipéar	0
E. Tógáil Sheasta: m.sh. Foirgníocht, Druileáil, Mianadóireacht	26
F. Innealtóireacht Mheicniúil; Soilsiú; Téamh, Armáin; Pléascadh	26
G. Fisic: m.sh. Optaic, Ríomhaireacht, Fisic Núicléach	28
H. Leictreachas: M.sh. Ciorcaid Leictreonacha, Giniúint Agus Dáileadh Leictreachais	7

Nóta ar Aicmiú Paitinne

Déantar aicmiú ar phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil. Ceadáíonn aicmiú den chineál sin aisghabháil paitinní de réir nádúr na n-aireagán a nochtar iontu. Is é an tAicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP) an córas caighdeánach do rangú paitinne. Tá sé comhdhéanta de thart ar 70,000 siombal aicmithe roinnte ar 8 rannóg bunúsacha (A go H), a bhaineann le cineálacha difriúla bunúsacha teicneolaíochta. Tugtar cód aicmithe ar gach ní airgtheach i bpaitinn. Is féidir dhá aireagán nó níos mó a bheith i bpaitinn chomh fada is atá leorghaol eatarthu; mar shampla, comheascán nua ceimice agus a úsáid mar mhíochaine nó mar luibhicíd, nó léasar nua agus a úsáid i máinliacht súl nó léamh sonraí. Dá réir sin, is féidir go dteastódh líon áirithe siombal aicmiúcháin lena n-ábhar ar fad a chlúdach. Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n-aicmí a leithdháileadh do phaitinní i 2019. Seasann gach rangú ar leith do ní airgtheach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airgtheacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga AIP.

Aicmithe de Réir Choidanna IPC do Phaitinní Deonaithe in 2019.




Staidreamh Gnó - Trád Mharcanna

Bliain	Iarratais Náisiúnta			
	Iarratais a Fuarthas	Fograithe	Curtha ina gCoinne	Dearaí Cláraithe
2016	2,694	2,246	91	1,894
2017	2,765	1,779	50	1,896
2018	2,697	2,111	61	1,713
2019	2,290	2,019	74	1,759

Bliain	Clárúcháin Idirnáisiúnta ina sainíodh Éire			
	Iarratais a Fuarthas	Fograithe	Curtha ina gCoinne	Dearaí Cláraithe
2016	891	865	7	888
2017	1,195	849	9	862
2018	1,159	870	5	844
2019	1,227	1,178	15	1,116

Clár na nGníomhairí Trádmhairc

Ag deireadh na bliana 2019, bhí 247 duine aonair agus 11 comhpháirtíocht iontráilte ar an gClár.



Aicmiú Idirnáisiúnta ar Earraí agus ar Sheirbhísí ina Gcuirtear na Marcanna Cláraíodh in 2019


Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear **“Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna”**. Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earraí nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur.

Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme	Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme
1	Táirgí Ceimiceacha, srl.	42	24	Fíocháin (gréasáin), srl.	22
2	Péinteanna, srl.	13	25	Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir	143
3	Ullmhóidí Tuartha, srl.	90	26	Lása agus Bróidnéireacht, srl.	11
4	Olaí Tionsclaíochta, srl.	27	27	Cairpéid, srl.	2
5	Substaintí Cógaisíochta, srl.	161	28	Cluichí, srl.	53
6	Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe	40	29	Feoil, Iasc, Éineoil agus Géim, srl.	209
7	Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl.	27	30	Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl.	217
8	Uirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceanra, srl.	29	31	Táirgí Talmhaíochta, srl.	66
9	Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl.	253	32	Beoir, srl.	108
10	Uirlisí Máinliachta, srl.	31	33	Fíonta, Biotáille agus Licéir	113
11	Fearas Soilsithe	54	34	Tobac, srl.	6
12	Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce	16	35	Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl.	363
13	Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí	0	36	Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl.	163
14	Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl.	35	37	Tógáil Foirgníochta, Deisiúchán, l Seirbhísí suiteála.	74
15	Uirlisí Ceoil (seachas meaisíní cainte agus fearas raidió)	0	38	Teileachumarsáidí	46
16	Páipéar, srl.	170	39	Iompar, Pacáistiú agus Stóráil Earraí, srl.	77
17	Guma Peirc, Cúitiúc, srl.	16	40	Cóiriú Ábhar	32
18	Leathar, srl.	45	41	Oideachas, Siamsaíocht, srl.	309
19	Ábhair Thógála, srl.	35	42	Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta	184
20	Troscán, Srl.	34	43	Soláthar bia agus dí	151
21	Acraí Beaga Tí, srl.	48	44	Seirbhísí míochaine, srl.	146
22	Rópaí, srl.	3	45	Seirbhísí pearsanta agus sóisialta	56
23	Snáitheanna	2			

Staidreamh Gnó - Trád Mharcanna

	2017	2018	2019
Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta	1,484	966	1,072
Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár	10	21	10
Clárúcháin Trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana	4,616	4,165	4,139
Clárúcháin trádmharc tugtha suas	10	10	5
Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais	10	15	6
Clárúcháin trádmharc athnuaithe	5,472	5,517	5,088
Trádmhairc Náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	4	4	6
Trádmhairc Idirnáisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	0	0	5
Trádmhairc Náisiúnta fógraithe neamhbhailí	1	1	2
Trádmhairc Idirnáisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	0	0
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	58,207	55,727	53,417
Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm	20,600	20,221	20,424
Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm	78,807	75,948	73,841

Éisteachtaí agus Ilnithe	2017	2018	2019
Éisteachtaí (ex-parte)	3	10	7
Éisteachtaí (inter-partes)	4	8	5
Eisteachtai (inter-partes ar mhodh aighneacht i scribhínn)	9	11	17
Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta	24	16	35
Iarratais idirnáisiúnta trádmhairc ina raibh Éire ina hOifig Tionscnaimh comhadaithe atá curtha chuig EDMÍ	65	74	70




Trádmharcanna Náisiúnta a cláraíodh in Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann in 2019

Staidreamh Gnó – Dearaí

	2017	2018	2019
Iarratais ar Dhearaí	65	82	79
Líon na ndearaí iarrtha*	155	555	182
Dearaí cláraithe	96	588	152
Dearaí tite ar lár	96	236	140
Dearaí athnuaite	76	63	53
Dearaí i bhfeidhm	1,140	1,630	1,545

Iarratais Naisiúnta ar Dearaí 2016-2019



*Nóta - Déanann Riail 19 de Rialacháin um Dhearadh Tionsclaíoch 2002 soláthar gur féidir 2 dhearadh nó níos mó faoi réir ag uaslíon de 100 dearadh a bheith comhcheangailte in aon iarratas amháin ar chlárú dearaí.

Dearaí a Cláraíodh faoi Acht Dearadh Tionsclaíoch, 2001 i gcaitheamh na Bliana 2019

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear “Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearaí Tionsclaíocha” córas aicmiúcháin do dhearaí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearaí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (12ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2018.

Rang	Aicmiúchán	Dearaí Cláraithe
1	Ábhair Bia	17
2	Baill éadaigh agus Mionéadaí	20
3	Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile	10
4	Earraí scuaibe	2
5	Earraí Gréasáin Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha	2
6	Feistis	10
7	Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	5
8	Uirlisí agus Crua-earraí	1
9	Pacáistí agus Gabhdáin d'Iompar nó do Láimhseáil Earraí	0
10	Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta	4
11	Earraí Maisiúcháin	18
12	Modhanna Iompair nó Árdaithe	7
13	Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais	0
14	Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise	3
15	Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
16	Gaireas Fótagrafaíochta, Cineamatagrafaíochta agus Optaice	5
17	Uirlisí Ceoil	1
18	Meaisíní Priontála agus Oifige	1
19	Stáiseanóireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoireachta	8
20	Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí	0
21	Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt	6
22	Airm, Earraí Piortheicniúla, Earraí chun Fiaigh, Iascaireachta agus Marú Lotnaidí	0
23	Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach	1
24	Trealamh Míochaine agus Saotharlainne	1
25	Aonaid Foirgníochta agus Eilimintí Tógála	0
26	Fearas Soilsithe	2
27	Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac	0
28	Táirgí Cógaíochta agus Cosmaíde, Earraí agus Fearas Maisiúcháin	1
29	Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála	0
30	Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhithe	2
31	Meaisíní agus Fearas Ullmhúchán Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	8
32	Siombalacha Grafacha agus Comharthaí, Patrúin Dreacha, Ornadaíocht	18
IOMLÁN		153

* Is feidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearaí sna ranganna líon na ndearaí atá cláraithe

Cóipcheart

Comhbhainistíocht Ceart

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), trasúidh an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart isteach i ndlí na hÉireann le héifeacht ón 10 Aibreán 2016. Tá dhá aidhm ag an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart:

- a chinntiú go ngníomhaíonn eagraíochtaí comhbhainistíochta le leas a n-úinéirí ceart trí íoschaighdeán rialachais agus trédhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le gach eagraíocht comhbhainistíochta Eorpac
- cabhrú le ceadúnú ilchríochach chearta na n-údar i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar line.

Foráiltear leis na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart gurb é an Ceannasaí an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Foráiltear leis na Rialacháin freisin nach mór do na heagraíochtaí comhbhainistíochta go léir a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn ráiteas bliantúil comhlíonta a chur faoi bhráid an Cheannasaí, in éineacht le hathnuachan a ndoiciméad clárúcháin. Tá feidhm ag na ceanglais chomhlíonta sna Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart maidir le 7 cinn de na 13 chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt chláraithe atá ag feidhmiú sa Stát.

Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

Díospóidí idir daoine atá ag seinm taifeadtaí fuaime go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá ar marthain sna taifeadtaí maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha le húinéir an chóipchirt, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 38 den Acht. Díospóidí idir daoine nó eagraíochtaí a dteastaíonn ceadúnas uathu faoi scéim atá i bhfeidhm agus oibreoir na scéime sin maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 151 agus 152 den Acht. In 2019, níl aon díospóidí amuigh faoi láthair.

Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt

Déantar foráil leis an Acht freisin do na Cláir seo a leanas a bheith á mbunú agus á gcoinneáil ar bun ag an gCeannasaí;

- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí.

Sa bhliain 2019 cláraíodh dhá chomhlacht déag i gClár na gComhlachtaí Ceadúnú Cóipchirt, cláraíodh comhlacht amháin i gClár na gComhlachtaí um Chearta Maoine Lucht Taispeána agus ní ndearnadh aon iontráil i gClár na gComhlachtaí um Chearta Bunachar Sonraí. Is féidir féachaint ar na Cláir ag:

<https://www.ipoi.gov.ie/en/types-of-ip/copyright1/copyright-licensing-bodies/register-of-copyright-licensing-bodies/>

Saothair Dhílleachtacha

Is é is Saothair Dhílleachtacha ann ná saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile a chosnaítear le cóipcheart sa chás nach féidir úinéir na saothar a fháil ná teagmháil a dhéanamh leis chun cead a fháil na saothair a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh na saothair sin mar chuid de bhailiúcháin atá i seilbh Eagraíochtaí Tairbhíocha amhail leabharlanna, músaeim, cartlanna, institiúidí oidhreachta scannáin agus fuaime, agus eagraíochtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí. Leagtar amach i dTreoir an AE (Treoir 2012/28/AE) rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid saothair dílleachtaí ag eagraíochtaí cultúrtha chun na hoibreacha sin a dhigitiú chun críocha neamhthrachtála gan cóipcheart a sháru. Tar éis cuardach díograiseach a chríochnú chun úinéireacht nó nádúr díleachta na noibre a bhunú, ní mór d'eagraíocht ar bith ar mian leo obair díleachta a chlárú sa Bhunachar Sonraí na Saothar Dílleachtach a chur ar líne chuig an EUIPO ar dtús a bheith cláraithe mar "Eagraíocht Tairbhíocht". Cláraíodh sé eagraíocht Éireannacha mar Eagraíochta Tairbhíocha le linn na bliain 2019.

An Bosca Forbatha Eolais

Bunaíonn an tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Dearbhí Aireagán) 2017, (Uimh. 6 de 2017) (an tAcht KDB) scéim deimhniúcháin le frontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil aireagáin i bhfoirm maoine intleachtúla (IP) atá coibhéiseach le aireagán paitinnithe a chumasú chun cáiliú don KDB agus leas a bhaint as an ráta laghdaithe cánach corparáide. Is FBManna incháilithe iad siúd a bhfuil ioncam acu ag teacht ó mhaoín intleachtúil de níos lú ná €7.5m agus le láimhdeachas domhanda níos lú ná €50m nuair a eascraíonn an brabús ó T&F.

Forálann an tAcht go ndéanfaidh an Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna maoirseacht agus feidhmiú ar an scéim dheimhniúcháin seo. Ní féidir deimhniú KDB a eisiúint ach amháin sa chás gur aireagán úr, neamh-soiléir agus úsáideach é an t-aireagán. Ní hionann iarratas ar Dheimhniú KDB agus iarratas ar fhaoiseamh cánach agus ní bhronnann deimhniú KDB aon chearta maoine intleachtúla ar shealbhóir deimhnithe.

Tuarascáil KDB

Éilíonn Alt 18 (Tuarascáil KDB) arang Ceannasaí faisnéis staitistiúil maidir le líon na n-iarratas a fuarthas, a aistarraingíodh, a diúltaíodh, líon na ndeimhniú eisithe agus eolas maidir le líon na n-iarratas a ndearnadh athbhreithniú orthu agus toradh gach athbhreithniú a chur sa tuarascáil don Aire de réir Alt 103 (1) d'Acht na bPaitinní 1992. Ní nochtfaidh an tuarascáil aon sonraí ar aireagán faoi ábhar iarratais. Ní bhfuair an Ceannasaí aon iarratas bailí ar fhorbairt eolais in 2019.



Reachtaíocht

De réir Ailt 103(1)(b) d'Acht na bPaitinní 1992 cuireann an Rialaitheoir sonraí den reachtaíocht ar fad a rinneadh in 2019 don riarachán a bhfuil an Rialaitheoir freagrach aisti san áireamh.

An tAcht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil 2019 (Uimh. 19 de 2019):

Is é cuspóir an Achta an córas cóipchirt in Éirinn a nuachóiriú trí fhoráil níos fearr a dhéanamh maidir le cosaint cóipchirt agus maoine intleachtúla eile (IP) sa ré dhigiteach agus chun cur ar chumas sealbhóirí ceart a gcearta IP a fhorfheidhmiú ar shlí níos fearr sna cúirteanna. Rinneadh foráil san tAcht freisin maidir le hainm na hOifige a athrú chomh maith le foráil gur féidir le hiarratasóirí ar phaitinní idirnáisiúnta faoin PCT a iarraidh go gcaithfear leis an iarratas mar iarratas náisiúnta faoi Chuid 2 d'Acht na bPaitinní 1992.

Rialacha Paitinne (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 589 de 2019):

Foráiltear leis an leasú seo ar na Rialacha Paitinní síneadh a chur leis an tréimhse fhorordaithe chun freagairt don tuarascáil chuardaigh agus don tuairim scríofa a tugadh faoi Alt 29 de dhroim scrúdú substainteach a thabhairt isteach, agus folaíonn sé freisin roinnt leasuithe riaracháin chun críocha litreacha meabhrúcháin thar téarma a eisiúint, cigireacht phoiblí ar dhoiciméid agus na hathruithe a léiriú a rinneadh i ndáil leis na cúirteanna san Acht um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil 2019. Ina theannta sin, forordaíonn Rial 87A nua na nósanna imeachta atá le leanúint de bhun Ailt 127A d'Acht na bPaitinní 1992, i gcúinsí ina bhfaigheann an Rialaitheoir iarratas go gcaithfear le hiarratas idirnáisiúnta ar phaitinn a ainmneoidh an Stát mar iarratas ar phaitinn faoi Chuid II den Acht.

Rialacha Trádmharcanna (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 588 de 2019):

Leasaíonn sé Rialacha 51, 57, 68 agus 69 chun foráil a dhéanamh go bhféadfar imeachtaí IP a dhéanamh sa chúirt lena mbaineann.

Rialacha Trádmharcanna (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 628 de 2019):

Déantar foráil maidir le roinnt athruithe ar nósanna imeachta chun a chinntiú go ndéantar imeachtaí freasúra agus neamhbhailíochta ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Foráiltear leis na Rialacha freisin le haghaidh nósanna imeachta riaracháin chun tuairimí tríú páirtí a thaisceadh maidir le hiarratais ar thrádmharcanna a dhéantar ar fhorais droch-chreidimh agus maidir le ról an Rialaitheora agus na barúlacha sin á bpróiseáil.


Rialacháin um Dhearaí Tionscail (Leasú) 2019 (I.R. Uimh. 587 de 2019):

Leasaíonn sé Rialacháin 3, 30 agus 31 lena mbaineann athrú ainm na hOifige agus freisin ar na leasuithe ar Rialacháin 48 agus 49 chun a fhoráil go bhféadfar imeachtaí IP a réachtáil sa chúirt lena mbaineann.


Faisnéis Airgeadais

B'ionann glanfháltais ar fad a fabhraíodh don Státchiste in 2019 agus €9.88 méadú de €0.06m nó 0.6% ar fhiigiúr 2018 de €9.82m. Tagann an cion is mó d'ioncam táille na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha.

Táillí Paitinne glan fabhraithe don Státchiste



Leirigh an t-ioncam comhcheangailte ó tháillí paitinne, dearcaí agus trádmharc (lena n-áirítear táillí trádmharcanna idirnáisiúnta) de €10.034m méadú de €0.074m , nó 0.7% ar fhiigiúr 2018 de €9.96m. B'ionann glanchostais na hOifige do 2019 agus €3.57m rud a léirigh méadú do €0.28m ar fhiigiúr comhfhreagrach 2018 de €3.29m.



Faisnéis Airgeadais

Fáltais Agus Caiteachas 2019 (Níl cuntais iniúchta fós ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste)

Fáltais	€000
Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2)	7,264
Táillí Trádmhairc	2,067
Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó EDMI (Nóta 3)	691
Táillí Dearaidh	12
Táillí eile	100
Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad	71
Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártaí creidmheasa	184
Fáltais ghlan fabhraithe don Stáitchiste	9,879
Costais	€000
Tuarastail	2,217
Taisteal & Cothabháil	57
Ilnithe & Focostais	83
Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	99
Meaisíní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige	604
Costais Áitreabh Oifige	98
Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl.	2
Síntiúis do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha	410
Iomlán	3,570

Nóta 1: Ag teacht leis an gCoinbhinsiún don Phaitinn Eorpach, ina bhfuil Éire rannpháirteach, tá ar Oifig 50% de na táillí uile athnuachana a fhaightear i leith Paitinní Eorpacha a ndearnathas bailí orthu in Éirinn agus atá iontráilte ar chlár náisiúnta na bpaitinní, a chur chuig Oifig Paitinní na hEorpa (OPE).

13,248	€000
Táillí Paitinne	14,035
Lúide an cion de na táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha	6,771
Táillí Paitinne glan fabhraithe don Stáitchiste	7,264

Nóta 2: Feidhmíonn Oifig mar Oifig fháltas d'iarraitais ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilíocht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil araon. Ní fhabhraíonn na táillí do Stáitchiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltas glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an OPE agus an EDMI i rith 2019.

	€000
Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig EDMI, an Ghinéiv.	13
Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig OPE Munich.	16
Iomlán	29

Nóta 3: De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith iarratas Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

Spriocanna Feidhmiúcháin 2019

Tá na bPaitinní Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na hOifige bunaithe ar na Prionsabail um Sheirbhís do Chustaiméirí Dhéag Ardchaighdeáin leagtha amach i “Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí an Rialtais Thionscnamh” agus leagtar amach na gníomhartha a bheidh éifeacht do na prionsabail a thabhairt. Tá na spriocanna seirbhísí custaiméirí san áireamh sa phlean seo.

Paitinní	
Admhálacha foirmeálta a eisiúint d'iarratais comhdaithe i gceart laistigh de 5 lá oibre.	76%
Cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid paitinne a eisiúint laistigh de 4 lá oibre tar éis an t-iarratas a fháil	100%
Deimhníu athnuachana paitinne a eisiúint laistigh de 3 lá oibre tar éis táille athnuachana a fháil.	100%
Iarratais ar chlárú sannaíthe a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe go hiomlán agus i gceart a bheith tagtha isteach	100%
Dearbhú a eisiúint go ndearnadh leasuithe a iarradh ar chlár na bpaitinní i leith ainmneacha agus seoladh na ndílseánaigh agus na seoltaí le haghaidh seirbhíse a thairgeadh laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas críochnaithe i gceart a fháil.	100%
Paitinní a cheadú laistigh de 3 lá oibre tar éis táille deontais a fháil.	100%
Iarratais Eorpacha agus PCT a chur ar aghaidh chuig EPO/WIPO laistigh de 5 lá oibre ón dáta a fhaightear iad.	100%
Iarratas ar dheonú na bpaitinní gearrthéarmacha a fhaomhadh laistigh de thréimhse 6 mhí ó chomhdú iarratais chuig, iomlán.	69%
Tar éis na doiciméid agus na freagraí go léir atá riachtanach d'agóidí a bhaineann le hiarratais ar phaitinn a fháil, chun cinneadh a dhéanamh maidir le paitinní a dheonú nó a dhiúltú laistigh de dhá mhí.	85%
Fógra faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ó chomhdú.	92%
Fógra a eisiúint ar lochtanna substainteacha laistigh de 2 mhí ó chomhdú.	96%
90% de na hiarratais neamh-rannachago léit ar phaitinn a aicmiú le foilsíu laistigh de 18 mí tar éis an dáta comhdaithe tosaíochta.	54%
Deimhnithe Cosanta Forlíontacha	
Admhálacha comhdaithe foirmeálta a eisiúint d'iarratais SPC a comhdaíodh i gceart laistigh de 5 lá oibre.	100%
Fógra maidir le lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhdaithe.	100%
Scrúdú a dhéanamh ar gach iarratas ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta ag 12 mí deiridh roimh dháta éagtha na paitinne bunúsaí.	85%
Dearaí	
Admhálacha foirmeálta comhdaithe a eisiúint laistigh de 5 lá oibre ar iarratais ar dhearaí atá comhlánaithe i gceart.	82%
Admhálacha foirmeálta comhdaithe a eisiúint laistigh de 2 lá oibre ar iarratais ar dhearaí atá comhlánaithe ar líne i gceart.	100%
Deimhnithe dearaí a eisiúint laistigh de 5 lá oibre tar éis an t-iarratas a bheith cláraithe.	100%
Deimhnithe athnuachana a eisiúint laistigh de 1 lá oibre tar éis táille athnuachana a fháil.	100%

Trád Mharcanna	
Admhálacha forimeálta a eisiúint d'iarratais chearta ar thrádmharc (páipéar bunaithe) laistigh de 5 lá oibre	96%
Iarratas a eisiúint ar tháillí clárúcháin a íoc laistigh de 7 lá oibre ó dheireadh na thréimhse chun freasúra a chomdú sa chás nach bhfuarthas aon fhreasúra	100%
Sa chás go ndéantar freasúra a chinneadh bhfabhar an iarratasóra, eisiúint iarratas ar tháillí clárúcháin laistigh de 7 lá oibre ó eisiúint tarraingthe siar an fhreasúra	100%
Trádmharcanna a chlarú laistigh de 3 lá oibre ta éis táille clárúcháin a fháil	99%
Iarratais a chur ar aghaidh chuig clárúcháin thrádmharcanna idirnáisiúnta laistigh de 3 lá oibre tar éis iarratais a comhdaíodh i gceart a fháil.	100%
Admhálacha comhdaithe foirmeálta le haghaidh iarratas ar thrádmharcanna comhdaithe i gceart ar líne, a eisiúint an chéad lá eile gnó.	100%
Cuardach tosaigh a dhéanamh maidir le hiarratais nua laistigh de sheachtain ón dáta a fhaightear é.	92%
Seiceáil foirmeáltachtaí a chur i gcrích ar gach iarratas comhdaithe ar líne laistigh de sheachtain ón dáta a fhaightear é.	100%
Na céad litreacha faomhaidh/agóide a eisiúint laistigh de 8 seachtaine ó iarratais nua a fháil sa Rannán.	51%
Réamhthuarascálacha cuardaigh a eisiúint laistigh de sheachtain ón iarratas.	100%
Cinntí a eisiúint maidir le rialacháin a rialaíonn úsáid trádmharcanna comhchoiteanna laistigh de 2 mhí tar éis rialacháin inghlactha a chomhdú.	100%
90% de chinntí ar éisteachtaí a eisiúint laistigh de 1 mhí ón éisteacht.	100%
80% de ráitis scríofa a eisiúint ar fhorais chinntí in éisteachtaí laistigh de 2 mhí tar éis an t-iarratas sin a dhéana.	88%
Cóipeanna de fhógraí freasúra agus iarratais ar chúlghairm nó dearbhú easláine a eisiúint do pháirtithe ábhartha laistigh de 2 seachtaine ón dáta a fhaightear iad.	100%
Freagair a thabhairt ar 95% de chomhfhreagras i scríbhinn ar iarratais aonair laistigh de choicís.	100%
Freagair a thabhairt ar iarratais aonair ar shíneadh ama roimh sula dtéann an spriocdháta ábhartha in éag sa chás nach ndéantar na hiarratais chéanna níos déanaí ná coicís roimh an éagtha sin.	100%
Glac le hiarratais ar thrádmharcanna laistigh de thréimhse 2 mhí ó chomhdú iarratais comhlánaithe i gceart agus sa chás nach bhfuil aon agóidí luaite ag an Oifig.	100%
Deimhníu athnuachana trádmharc a eisiúint laistigh de 1 lá oibre ón íocaíocht a fháil.	100%
Cóipeanna agus sleachtaí deimhnithe agus ó Chlár na dTrádmharcanna a eisiúint laistigh de 4 lá oibre ón iarratas.	100%
Dearbhú a eisiúint go ndearnadh taifead do leasuithe a n-iarradh orthu ar Chlár na Trádmharcanna i leith ainmneacha agus seoladh na ndílseánaigh agus na seoltaí le haghaidh seirbhíse laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas críochnaithe i gceart a fháil.	100%
Iarratais ar dháileadh trádmharcanna le haghaidh cláraithe a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas comhlánaithe ina iomlán a chur isteach.	29%
Ginearálta	
Admhálacha íocaíochta a eisiúint laistigh de 2 lá oibre ar gach táille (i bhfoirm seice, dréacht bainc nó órdú airgid) a fuarthas.	100%

Déan teagmháil linn

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Oifigí an Rialtais
Bóthar Hebron
Cill Chainnigh
Éire R95 H4XC

T: (00353) 56 7720111
T: 1890 220223 (lastigh d'Eireann)
E: ipinfo@ipoi.gov.ie

www.ipoi.gov.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland